Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Nollaig 2017**
**(OR. en)**

**15811/17**

**ENV 1073**
**RECH 421**
**COMPET 875**
**IND 380**
**MI 965**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 18 Nollaig 2017 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15159/1/17 ENV 1009 RECH 393 COMPET 829 IND 342 MI 893 REV 1 + REV 1 ADD 1 |
| Ábhar: | An éiceanuálaíocht: an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach a chumasú - Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3565ú cruinniú dá cuid, ar an 18 Nollaig 2017.

**An éiceanuálaíocht: an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach a chumasú**

**- Conclúidí ón gComhairle -**

AG MEABHRÚ DI:

An Rún ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 25 Meán Fómhair maidir le "I mbun athraithe: Clár oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe" agus Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide (COP 21) agus Rún 1/5 agus Rún 2/7 maidir le ceimiceáin agus le dramhaíl, agus Rún 2/8 maidir le táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe, mar a glacadh ag an 1ú seisiún agus ag an 2ú seisiún de Chomhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEA) in Nairobi ar an 27 Meitheamh 2014 agus ar an 27 Bealtaine 2016;

Eoraip 2020: Straitéis an Aontais Eorpaigh do phoist agus don fhás cliste, inbhuanaithe, cuimsitheach a ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh ar an 17 Meitheamh 2010, a tionscnaimh shuaitheanta "Eoraip atá tíosach ar acmhainní" agus "An tAontas Nuálaíochta", agus an Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2020 dar teideal "Muid ag maireachtáil go maith, faoi shrianta ár bpláinéid" (7ú CGC) le haghaidh geilleagair ísealcharbóin atá tíosach ar acmhainní, glas agus iomaíoch[1];

Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis "An nuálaíocht do thodhchaí inbhuanaithe - An Plean Gníomhaíochta Éiceanuálaíochta"[2]; "An margadh aonair a thógáil i gcomhair táirgí glasa: lena n-éascaítear faisnéis níos fearr faoi fheidhmíocht chomhshaoil táirgí agus eagraíochtaí"[3]; "*Green Action Plan for SMEs: enabling SMEs to turn environmental challenges into business opportunities*"[An Plean Gníomhaíochta Glas do FBManna: cur ar chumas FBManna dúshláin comhshaoil a iompú ina ndeiseanna gnó][4]; "An Ciorcal a shlánú - Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh don Gheilleagar Ciorclach"[5] agus an tuarascáil faoina chur chun feidhme[6], "Tionsclaíocht na hEorpa a dhigitiú - leas iomlán a bhaint as margadh aonair digiteach"[7] agus "Infheistíocht a dhéanamh i dtreo tionscal cliste, nuálach, inbhuanaithe - Straitéis athnuaite de chuid an Aontais dá bheartas tionsclaíoch"[8];

---

1 IO AE L 354/171, 28.12.2013.
2 18874/11 - COM(2011) 899 final + ADD 1 + ADD 2 + ADD 3.
3 8310/13 - COM(2013) 196 final + ADD 1 + ADD 2.
4 11616/1/14 REV 1 - COM(2014) 440 final + ADD 1 REV 1.
5 14972/15 - COM(2015) 614 final + ADD 1.
6 5799/17 - COM(2017) 33 final + ADD 1.
7 8100/16 - COM(2016) 180 final + ADD 1.
8 12202/17 - COM(2017) 479 final + ADD 1.

Na Conclúidí ón gComhairle maidir leis na nithe seo a leanas:

– Bainistiú ábhar inbhuanaithe agus táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe: rannchuidiú fíorthábhachtach d'Eoraip a bheadh tíosach ar acmhainní[9];
– An Seimeastar Eorpach agus an Straitéis Eoraip 2020 a ghlasú - Athbhreithniú meántéarma[10];
– Treochlár d'Eoraip a bheadh tíosach ar acmhainní[11];
– An Ciorcal a shlánú - Plean Gníomhaíochta de chuid an Aontais Eorpaigh don Gheilleagar Ciorclach[12];
– Cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil trí bhainistiú fónta ceimiceán[13];
– An tAontas Eorpach agus Slabhraí Luacha Domhanda atá Freagrach[14];

AG MEABHRÚ DI gurb é atá i gceist leis an éiceanuálaíocht aon saghas éiceanualaíochta is cionsiocair le dul chun cinn suntasach, follasach atá dírithe ar an bhforbairt inbhuanaithe, nó a bhfuil sin mar rún aici, trí thionchair ar an gcomhshaol a laghdú, an teacht aniar maidir le brúnna comhshaoil a fheabhsú, nó úsáid a bhaint as acmhainní nádúrtha ar bhealach níos freagraí agus níos éifeachtúla[15]; AG AITHINT DI freisin go bhfuil an taighde agus an nuálaíocht ríthábhachtach chun borradh a chur faoi na próisis inbhuanaithe, éifeachtúla is gá le go spreagfaí an t-aistriú chuig an ngeilleagar ciorclach, agus lánurraim a léiriú do phrionsabal an réamhchúraim;

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar an ról atá ag an éiceanuálaíocht maidir le réitigh a chur ar fáil trí fheidhmíocht chomhshaoil a fheabhsú agus an teacht aniar a mhéadú le linn saolré táirgí ó earnáil go chéile, agus athmhachnamh a dhéanamh ar shlabhraí soláthair agus ar ghiniúint dramhaíola a laghdú a oiread is féidir;

[9] 17495/10.
[10] 14731/14.
[11] 18346/11.
[12] 10518/16.
[13] 15673/16.
[14] 8833/16.
[15] 18874/11 - COM(2011) 899 final + ADD 1 + ADD 2 + ADD 3.

AG CUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI a thábhachtaí atá sé forbairt eacnamaíoch agus forbairt shóisialta a chothú, rud is cúis le timpeallacht fholláin mhaireachtála a chothú nó a athneartú, lena n-áirítear caomhnú agus athneartú bithéagsúlachta; AG CUR I dTREIS DI gur gá comhleanúnachas a bheith ann idir beartais nuálaíochta tacaíochta agus beartais eile, go háirithe na cinn ina gcuirtear béim ar chosaint a thabhairt do shláinte an duine, don chomhshaol, agus ar an aistriú chuig an ngeilleagar ciorclach; AG LÉIRIÚ DI gur gá an geilleagar ciorclach a spreagadh a thuilleadh trí bheartais chomhshaoil, go háirithe na cinn a bhaineann leis an aeráid, le dramhaíl agus le huisce, agus beartais eile nach iad, amhail beartas tionsclaíoch, beartas talmhaíochta agus beartas taighde, agus a riachtanaí atá sé feabhas a chur ar na hinniúlachtaí ábhartha a mbíonn dea-thionchar acu ar na beartas sin agus na hinniúlachtaí sin a neartú;

AG FORMHUINIÚ DI an cuspóir dul i dtreo táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe, agus ar an gcaoi sin i dtreo sochaí inbhuanaithe, ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta, réigiúnach agus domhanda; AG CUR I dTREIS DI nach mór gníomhaíocht atá dírithe ar réitigh chun go dtiocfadh athrú ar shamhlacha gnó, ar fheidhmíocht chomhshaoil táirgí, ar iompraíocht táirgeoirí agus tomhaltóirí, e.g. maidir le dearadh agus úsáid táirgí agus láimhseáil dramhaíola, agus a bheith ag dul i dtreo geilleagar comhroinnte agus cur chuige slabhra iomlánluacha; AG IARRAIDH DI ar gach oibreoir eacnamaíoch a bheith ar thús cadhnaíochta mar atá de chúram orthu; AG AITHINT DI do shiombóis thionsclaíoch mar bheart tábhachtach chun éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú agus chun úsáid a bhaint as dramhaíl mar acmhainn;

AG CUR I dTREIS DI gur cheart ionadú substaintí is cúis imní (amhail substaintí is cúis mhór imní, truailleáin orgánacha mharthanacha agus ceimiceáin réabtha iontálacha) agus bainistiú fónta ar rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn (nana-ábhair agus éifeachtaí comhcheangailte substaintí) a mholadh mar ghné nuálaíochta;

AG CUR I dTREIS DI gur den tábhacht é go ndéanfaí úsáid éifeachtúil, inbhuanaithe, chiorclach ábhar bithbhunaithe a chur chun cinn trí eolas a scaipeadh maidir le réitigh dhúlra-bhunaithe, trí dhea-chleachtais maidir le húsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus trí thacaíocht don nuálaíocht sa bhithgheilleagar;

AG CUR I bhFÁTH DI a thábhachtaí atá creat faireacháin ag a bhfuil táscairí iontaofa ionas gur féidir an dul chun cinn atá déanta a thomhas maidir le geilleagar ciorclach a bheidh tíosach ar acmhainní agus an gá atá leis an gcreat sin a fhorbairt i ndlúthchomhar leis na Ballstáit; AG CUR I dTREIS DI sa chomhthéacs sin gur gá spriocanna uaillmhianacha, réadúla a cheapadh ar leibhéal an Aontais, ar léiriú leordhóthanach iad ar an dul chun cinn atá déanta feadh an tslabhra iomlánluacha, agus aird ar leith á tabhairt ar na chéimeanna níos túisce de shaolré na dtáirgí, a thacaíonn le spriocanna tionsclaíocha an Aontais;

AG CUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI gur cheart an méid seo a leanas a bheith lárnach ó thaobh thodhchaí na hEorpa agus chur chun feidhme na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) de; gníomhaíocht chuimsitheach, lena ngabhann raon feidhme leathan agus lena ndírítear ar shochaithe nuálacha, a bhfuil an teacht aniar iontu, a bhaineann an úsáid is fearr as na réitigh atá ar fáil, a d'oibrigh cheana, agus a chruthaíonn deiseanna don fhorbairt chuimsitheach nuálach agus do ghnó inbhuanaithe; AG AITHINT DI go bhfuil an táirgeacht agus an tomhaltas inbhuanaithe san Aontas, lena n-áirítear an creat reachtach shaorálach a ghabhann leo, fite fuaite le slabhraí luacha domhanda agus leis an trádáil, agus go bhfuil comhar domhanda ag teastáil ina leith;

FÓGRAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

**<u>Beartas cuimsitheach táirgí</u>**

1. AITHNÍONN SÍ gur ríthábhachtach don aistriú chuig an ngeilleagar ciorclach, an fhaisnéis faoin gcomhshaol agus faoi na saintréithe a bhaineann leis an tsláinte i dtaca le táirgí agus le seirbhísí; ÁITÍONN SÍ ar an gCoimisiún roghanna agus gníomhaíochtaí a thíolacadh, chun go mbeidh creat beartais níos comhsheasmhaí maidir le táirgí ann ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, comhdhlúthú na n-ionstraimí atá ann cheana i gcreat dlíthiúil comhleanúnach, chun na coinníollacha ar mhaithe le hiomaíochas táirgí inbhuanaithe a chur ar bun chomh maith leis na riachtanais i dtaca le teacht a bheith ag tomhaltóirí, ag táirgeoirí agus ag athchúrsálaithe ar fhaisnéis faoi inbhuanaitheacht táirgí, agus gach ionstraim agus tionscnamh atá ann á gcur san áireamh, lena n-áirítear éicilipéad AE, soláthar poiblí glas, comhshocruithe nuálaíochta, maíomh comhshaoil, éicidhearthóireacht agus lorg comhshaoil táirge; MOLANN SÍ GO LÁIDIR don Choimisiún na gníomhaíochtaí atá ar bun maidir le gnéithe éifeachtúlachta i dtaca le hábhair chaighdeánaithe a chomhtháthú sa chreat sin, amhail saolré táirgí a fhadú, an cumas comhábhair a athúsáid nó ábhair ó tháirgí a bhfuil a ré caite agus ó shruthanna dramhaíola a athchúrsáil, úsáid a bhaint as comhábhar athúsáide agus comhábhar athmhonaraithe agus as ábhair athchúrsáilte i dtáirgí mar aon le gníomhaíochtaí ábhartha eile, agus timthriallta ábhair neamhthocsaineacha agus tionchair eile ar gcomhshaol agus ar an tsláinte á gcur san áireamh;

2. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar chatagóirí táirgí ag a bhfuil acmhainneacht ard ciorclaíochta, amhail leictreonaic agus teicstílí, ar den ríthábhacht é go bhfuil teacht ar an bhfaisnéis faoi tháirgí chun éicidhearthóireacht, athúsáid, athchóiriú agus athchúrsáil a chur chun cinn; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na critéir um inbhuanaitheacht agus ciorclaíocht táirgí do na catagóirí táirgí sin a fhorbairt agus a chur i láthair, agus go háirithe, éifeachtúlacht acmhainne, ábhar na substaintí is cúis imní, an athchúrsáilteacht agus measúnú ar an saolré a chur san áireamh, agus breithniú cuí a dhéanamh ar ghné an iomaíochais, agus critéir a chomhtháthú laistigh de na huirlisí beartais éigeantacha agus dheonacha is ábhartha; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de chaighdeáin cháilíochta agus de chritéir cháilíochta a fhorbairt le haghaidh amhábhair thánaisteacha; AITHNÍONN SÍ an obair a rinne an Coiste Eorpach um Chaighdeánú maidir le héifeachtúlacht ábhair;

3. IARRANN SÍ ar na Ballstáit úsáid ghníomhach a bhaint as na critéir um inbhuanaitheacht agus ciorclaíocht táirgí agus soláthar poiblí glas ar siúl, mar shampla, agus trí thuilleadh forbartha a dhéanamh ar na scéimeanna um Fhreagracht Bhreisithe Táirgeora agus ar na critéir chliste lena modhnaítear na táillí ionas cúiteamh leordhóthanach a thabhairt as an dearadh don chiorclaíocht; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún treoir a fhorbairt le tabhairt do na Ballstáit agus do ghnólachtaí maidir leis na critéir sin a úsáid; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar ghlacadh na gcritéar um inbhuanaitheacht agus ciorclaíocht táirgí san Aontas agus ar úsáid na dtionscnamh deonach lena gcuirtear ar fáil faisnéis faoi fheidhmíocht chomhshaoil comhlachtaí agus táirgí;

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur ag céim an deartha a chinntear sciar nach beag den tionchar foriomlán a fhágann táirgí ar an gcomhshaol agus ar an tsláinte; Ós amhlaidh atá, CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR an ról a bhíonn ag cur chuige éicidhearthóireachta chun an chiorlaíocht a chumasú le síneadh a chur le saolré táirgí agus an trédhearcacht a mhéadú feadh an tslabhra luacha; MEASANN SÍ go bhféadfadh caighdeáin éicidhearadh-oiriúnaitheacha agus éicidhearadh-réamhbhreathnaitheacha dlús a chur leis an éiceanuálaíocht i dtáirgí, i seirbhísí agus i bpróisis; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a éifeachtúil agus a fhéideartha atá an socrú caighdeánach dinimiciúil mar uirlis chun tacú leis an éiceanuálaíochta ar mhaithe le geilleagar ciorclach; agus MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit obair a dhéanamh ar mhaithe le húsáid an chur chuige éicidhearthóireachta a mhéadú i measc oibreoirí eacnamaíocha;

5. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún straitéis uaillmhianach a thíolacadh gan mhoill in 2018 chun comhshaol neamhthocsaineach a bhaint amach i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach sa 7ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil agus fócas treisithe a leagan ar shreafaí ábhair – agus na hábhair sin a bheith inbhuanaithe, sábháilte agus neamhthocsaineach, ionas deiseanna a chothú chun gur féidir substaintí is cúis imní a ionadú go nuálach, dramhaíl a shórtáil go nuálach, agus teicnící dí-éillithe dramhaíola agus amhábhair a chruthú, agus infhaighteacht faisnéise ag tomhaltóirí, ag táirgeoirí agus ag athchúrsálaithe faoi na substaintí sin agus faoi na táirgí ina mbíonn siad le fáil; IARRANN SÍ freisin ar an gCoimisiún bonn eolais feabhsaithe a fhorbairt maidir le substaintí is cúis imní agus maidir le hinfhaighteacht agus airíonna na roghanna atá ann, agus tacú le gnólachtaí i réimse na nuálaíochta i dtreo timthriallta ábhair neamhthocsaineacha;

6. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról tábhachtach a bhíonn ag gnólachtaí agus ar an úsáid a bhaineann siad as an éiceanuálaíocht i dtaca leis an athrú go geilleagar ciorclach; IS DÍOL SÁSAIMH DI tabhairt i gcrích na Seiceála Oiriúnachta ar EMAS agus ar Éicilipéad an Aontais, rud a dhearbhaíonn an ról tábhachtach atá ag na scéimeanna sin mar ionstraimí deonacha ag gnólachtaí chun méadú a dhéanamh ar fheidhmíocht chomhshaoil agus sláinte táirgí, seirbhísí agus eagraíochtaí, agus chun faisnéis thrédhearcach a chur ar fáil; AITHNÍONN SÍ na tionscnaimh agus na gníomhaíochtaí atá curtha i gcrích cheana féin ag na Ballstáit; agus MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit dreasachtaí iomchuí a fhorbairt chun méadú ar ghlacadh na scéimeanna sin, agus aird á tabhairt san am céanna ar uirlisí bainistíochta comhshaoil ábhartha eile de réir mar is iomchuí, agus iad a chomhtháthú le huirlisí eile lena mbainistítear beartas táirgí agus comhshaol ar mhaithe leis an éifeachtacht agus an breisluach a fheabhsú ar leibhéal an Aontais; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dreasachtaí a chur ar bun chun samhlacha gnó seirbhís-dhírithe a chothú, amhail samhlacha an gheilleagair chomhroinnte, léasú táirgí, léasú ceimiceán, agus samhlacha den sórt sin a lánpháirtiú i dtreoirdhoiciméid beartais agus treorach;

7. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún oibriú i comhpháirtíochtaí comhair, agus a chur san áireamh na critéir sin arb ann dóibh cheana a bhaineann le soláthar poiblí glas agus éicilipéadú táirgí agus seirbhísí, d'fhonn spriocanna réadúla comhchoiteanna deonacha uaillmhianacha a shocrú don soláthar poiblí glas; IARRANN SÍ ar na rialtais lárnacha, réigiúnacha agus áitiúla gníomhú mar eiseamláirí den tomhaltas inbhuanaithe trí chion an tsoláthair phoiblí ghlais a mhéadú, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de na critéir um sholáthar poiblí glas agus ciorclach a fhorbairt agus a sholáthar, agus na critéir um inbhuanaitheacht agus ciorclaíocht táirgí a chur san áireamh; MOLANN SÍ don Choimisiún bearta a fhorbairt chun go mbeidh rialtais áitiúla in ann glacadh leo siúd.

8. LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht a bhaineann leis an éiceanuálaíocht maidir le méadú a dhéanamh ar ráta athchúrsála plaisteach, ar úsáid plaisteach tánaisteach i dtionscail agus maidir le roghanna inbhuanaithe eile a aimsiú, lena gcuirtear timthriallta ábhair neamhthocsaineacha san áireamh; I ndáil leis sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na féidearthachtaí a fhiosrú a thuilleadh maidir le réitigh nuálacha a aimsiú chun roghanna eile a chur in ionad plaistigh de bhunús ábhair neamh-inbhuanaithe agus iontaise, amhail ábhair bhithbhunaithe, lena mbaineann leasanna comhshaoil agus an fheidhmiúlacht chéanna le haghaidh a gcuspóra agus na saintréithe iomchuí le haghaidh cóireála, lena n-áirítear an athchúrsáil;

9. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí an éiceanuálaíocht a chothú i dtreo na ciorclaíochta maidir leis an athúsáid uisce, dá bhforáiltear sa Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach; TÁ SÍ AG TNÚTH LEIS na torthaí a bheidh ar an measúnú atá á dhéanamh ag an gCoimisiún faoi láthair ar Straitéis Bhithgheilleagair 2012 agus leis na gníomhaíochtaí leantacha a dhéanfaidh an Coimisiún ina dhiaidh sin;

**<u>Trédhearcacht agus uirlisí digiteacha</u>**

10. Maidir le faisnéis faoi ábhar na substaintí is cúis imní agus faoi ábhair éagsúla atá i dtáirgí, amhail amhábhair, amhábhair chriticiúla, plaistigh agus amhábhair thánaisteacha, AITHNÍONN SÍ gur gá an fhaisnéis sin a chur ar fáil do thomhaltóirí, do tháirgeoirí, do mhiondíoltóirí agus d'athchúrsálaithe ar fud na slabhraí luacha domhanda chun go rachfar i dtreo timthriallta ciorclacha ábhair agus chun a áirithiú gur go hinbhuanaithe a úsáidfear ábhair thánaisteacha, a bheidh sábháilte do shláinte an duine agus don chomhshaol agus gur ar bhealach a bheidh iomaíoch ó thaobh an phraghais de a dhéanfar sin; Cé go bhféadfaí an fhaisnéis sin a chur ar fáil do thomhaltóirí trí lipéid a chur ar tháirgí nó comharthaí a chur sna siopaí, AITHNÍONN SÍ go bhféadfaí roghanna ciorclacha inbhuanaithe gnólachtaí agus tomhaltóirí a éascú agus bailiú agus athchúrsáil na dtáirgí sin agus siombóis thionsclaíoch a spreagadh, agus ag an am céanna go bhféadfaí ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo a sheachaint, ach an fhaisnéis a chur ar fáil i bhfoirm dhigiteach;

11. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na hiostraimí atá ann cheana a mheas, agus cinn nua a bhunú más gá, chun faisnéis ábhartha a chur ar fáil do thomhaltóirí, do tháirgeoirí, do mhiondíoltóirí agus d'athchúrsálaithe maidir leis na critéir um inbhuanaitheacht agus ciorclaíocht táirgí, maidir le hábhar na dtáirgí agus feidhmíocht chomhshaoil na n-eagraíochtaí; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis an earnáil phríobháideach teaglaim ionstraimí deonacha a mholadh lena ndírítear ar thrédhearcacht táirgí a mhéadú; sa chomhthéacs sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, faoi réir meastóireacht ar an treoirthréimhse leanúnach reatha, féachaint an bhféadfaí an lorg comhshaoil táirge (PEF) agus an lorg comhshaoil eagraíochta (OEF) a úsáid chun faisnéis faoin gcomhshaol a thomhas agus a chur in iúl, agus aird á tabhairt ar an ngá atá le hiomaíochas na mBallstát a choinneáil;

12. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí, leanúint dá measúnú agus faisnéis a chur ar fáil maidir le hindéantacht agus saintréithe bhileog dhigiteach eolais táirge[16], agus, bunaithe ar an measúnú sin, na príomhghnéithe ábhartha a fhorbairt do chatagóirí táirgí ag a bhfuil acmhainneacht ard ciorclaíochta, lena n-áirítear na critéir um inbhuanaitheacht agus ciorclaíocht táirgí agus ábhar na dtáirgí, lena gcuirfí san áireamh, *inter alia,* an fhaisnéis uile atá ar fáil go dtí seo, na hionstraimí uile atá ann cheana agus gníomhaíochtaí reatha faoi chreat reachtach agus deonach an Aontais; Ar bhonn an mheasúnaithe thuasluaite, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún córas digiteach faisnéise táirge a fhorbairt ar leibhéal an Aontais chun an fhaisnéis sin a chur ar fáil;

16 Is éard a bheadh i mbileog dhigiteach eolais táirge, e.g. pas táirge, príomhfhaisnéis tháirgeshonrach i bhfoirm dhigiteach maidir leis na hábhair agus na substaintí is ábhar an táirge, chomh maith le faisnéis faoi na príomh-shaintréithe a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus le ciorclaíocht an táirge. Féadfar rochtain a fháil ar an bhfaisnéis seo ar fheidhmchlár dhigiteach oiriúnach.

13. Maidir leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach agus chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach, CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá teacht i dtír go hiomlán ar an nuálaíocht dhigiteach agus gur cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit cur chuige straitéiseach a fhorbairt chun a áirithiú go mbainfear an leas is fearr as acmhainneacht earnáil Theicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC); IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar úsáid TFC sa ríomhrialachas agus sa chomhar leis an tsochaí shibhialta agus leis an earnáil phríobháideach agus le haghaidh rochtain níos fearr ar fhaisnéis, lena n-áirítear tríd an mbonneagar TFC is ábhartha a fhorbairt agus saorghluaiseacht sonraí a chur chun cinn, agus dálaí fabhracha a chruthú chuige sin; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an measúnú ar na buntáistí a bhaineann le réitigh TFC a chur san áireamh sna measúnuithe tionchair ar bheartais agus ar ghníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais;

**<u>Dreasachtaí chun an nuálaíocht a fheabhsú</u>**

14. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún anailís chuimsitheacha a thíolacadh ar na céimeanna sa slabhra táirgeachta agus tomhaltais ina bhfuil easnaimh nó bacainní i gcónaí ann maidir leis an margadh aonair agus ag a mbeadh seans mór go bhféadfaí tuilleadh dreasachtaí dlús a chur faoin aistriú go geilleagar ciorclach; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit deireadh a chur le haon bhacainní rialála agus riaracháin ar an nuálaíocht chun feabhas comhshaoil a bhaint amach, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún roghanna a chur ar fáil do raon leathan dreasachtaí do ghnólachtaí agus tomhaltóirí chun an éiceacnuálaíocht a chumasú agus a éascú agus chun trédhearcacht inbhuanaitheacht táirgí a mhéadú, a mbeidh na Ballstáit in ann a marana a dhéanamh orthu, amhail bearta airgeadais, rialáil chliste agus faoiseamh rialála, agus an t-ardleibhéal cosanta atá ann cheana ó thaobh shláinte an duine agus an chomhshaoil de á urramú ag an am céanna; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit comhoibriú le chéile agus taithí a mhalartú maidir le forbairtí na ndreasachtaí sin;

15. AIBHSÍONN SÍ a thábhachtaí atá tacaíocht shonrach a thabhairt do FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta le maoiniú, fothú acmhainní agus saineolas sonrach teicniúil a bhaineann le taighde agus na baic rialála agus theicniúla, d'fhonn tacú leo a gcuid acmhainneachta ciorclaí a bhaint amach; IARRANN SÍ ar an gComhairle agus na Ballstáit cuspóirí na héiceanuálaíochta, na héifeachtúlachta agus ciorclaíochta acmhainne a chur san áireamh, agus ag an am céanna a straitéisí infheistíochta agus airgeadais a athbhreithniú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tosaíocht a thabhairt do mhaoiniú na dtionscnamh éiceanuálaíoch agus inbhuanaithe i gcláir infheistíochta agus airgeadais an Aontais, lena n-áirítear Creatchláir an Aontais le haghaidh taighde agus nualaíochta, agus béim ar leith á leagan ar FBManna agus ar ghnólachtaí nuathionscanta; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, tar éis meastóireacht a dhéanamh ar an gclár píolótach maidir le Fíorú Teicneolaíochta Comhshaoil, tacaíocht chuí a thabhairt do mhargú na dteicneolaíochtaí éiceanuálaíochta ag FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta; IS DÍOL SÁSAIMH DI bunú Ionad Eorpach d'Éifeachtúlacht Barr Fheabhais Acmhainní, ina dtugtar faisnéis agus tacaíocht do FBManna, d'idirghabhálaithe gnó, cleachtóirí éifeachtúlachta acmhainne agus páirtithe leasmhara eile;

**<u>Gníomhaíocht agus feasacht áitiúil</u>**

16. CUIREANN SÍ I dTREIS gur féidir le réigiúin, cathracha agus bailte ról suntasach a imirt maidir le réitigh nua agus tionscadail phíolóta á dtástáil, agus ar an mbealach sin éiceanuálaíocht a chatalú trí, *inter alia*, spriocanna uaillmhianacha a shocrú don inbhuanaitheacht; AITHNÍONN SÍ maidir le réitigh dhúlra-bhunaithe agus bonneagair uirbeacha ghlasa go dtugtar bealaí nuálaíocha ilfheidhmeacha leo chun an truailliú a laghdú agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin áitiúla, lena n-áirítear maidir le maolú agus oiriúnú ar an athrú aeráide, cuimsiú sóisialta agus spásanna maireachtála agus oibre, chomh maith le spásanna glasa poiblí agus príobháideacha; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na limistéir ina bhfuil an acmhainneacht is airde ag réitigh dúlra-bhunaithe ó thaobh feabhas a chur ar an bhfeidhmíocht chomhshaoil; IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar a n-údaráis réigiúnacha agus áitiúla spriocanna uaillmhianacha agus réalaíocha le haghaidh inbhuanaitheachta a shocrú, réitigh dúlra-bhunaithe a thabhairt isteach san fhorbairt réigiúnach agus sna pleananna spáis, comhpháirtíochtaí a fhorbairt agus foghlaim ó na dea-chleachtais;

17. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus na Ballstáit úsáid a bhaint as Gréasán an Damháin Ghlas, an Fóram Eorpach maidir le hÉiceanuálaíocht, an Chomhpháirtíocht Eorpach Nuálaíochta maidir le hAmhábhair, Ardán Geallsealbhóra an Gheilleagair Chiorclaigh d'fhonn réitigh éiceanuálaíocha i dtreo geilleagar ciorclach a chur chun cinn; LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le forbairt cuir chuige ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún chun dul i dteagmháil agus comhoibriú leis an earnáil ghnó agus airgeadais, le saineolaithe san eacnamaíocht agus san oideachas agus leis an bpobal i gcoitinne, mar shampla trí thionscadail atá dírithe ar chomhar leis na hinstitiúidí náisiúnta atá freagrach chomh maith le húsáid agus tacaíocht spriocdhírithe d'uirlisí bainistithe náisiúnta agus idirnáisiúnta;

18. SPREAGANN SÍ an Coimisiún agus na Ballstáit chun feachtais a eagrú do na príomhearnálacha chun feasacht tomhaltóirí a mhúscailt i dtaobh tréithe inbhuanaitheachta táirgí agus faisnéis thábhachtach ar an gcomhshaol; IARRANN SÍ ar na Ballstáit teophointí náisiúnta agus réigiúnacha do thaighde agus nuálaíochta a fhorbairt, lena n-áirítear pointí teagmhála, le haghaidh an gheilleagair chiorclaigh agus chun borradh a chur faoin gcomhar poiblí-príobháideach chun tacú le tionscadail chiorclacha éiceanuálaíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta; chomh maith leis sin SPREAGANN SÍ malartú cur chuige rialála agus rialachais atá fabhrach don éiceanuálaíocht; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún ciorclaíocht a chomhtháthú san idirphlé le comhpháirtithe seachtracha agus an éiceanuálaíocht a chur san áireamh sna cláir comhair idirnáisiúnta, amhail Táirgíocht agus Tomhaltas Inbhuanaithe agus Bainistiú Fónta Dramhaíola agus Ceimiceán;

**<u>Tuilleadh céimeanna</u>**

19. TÁ SÍ AG TNÚTH LEIS na bearta a dhéanfaidh an Coimisiún gan mhoill chun Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach a ghnóthú, go háirithe straitéis maidir le plaistigh a thíolacadh, measúnú ar an gcomhéadan feabhsaithe idir ceimiceáin, táirgí agus reachtaíocht dramhaíola, togra reachtach maidir le hathúsáid uisce agus creat faireacháin don gheilleagar ciorclach;

20. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún nuashonrú bliantúil i scríbhinn a chur ar fáil don Chomhairle ar an dul chun cinn a dhéantar maidir le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh don Gheilleagar Ciorclach, ag cur san áireamh freisin cur chun feidhme chláir oibre na Treorach maidir le hÉicidhearthóireacht agus an Rialacháin maidir le Lipéadú Fuinnimh; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach, agus é a fhorbairt tuilleadh, de réir mar is iomchuí, chun iarrachtaí a neartú i ndáil leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach a bheidh tíosach ar acmhainní agus móiminteam a bhailiú i gcomhair éiceanuálaíochta, gan dochar do chreat airgeadais ilbhliantúil an Aontais.